



Curaclam  
Thuaisceart Éireann

**Beatha le Bua**

Leabhar Saothair

**Barack Obama**



Ainm:.....

Rang:.....

## Nóta don mhúinteoir

Tá an leabhar saothair seo bunaithe ar an tsraith leabhrán *Beatha le Bua*. Níl an tsraith sin dírithe ar aon aoisghrúpa ar leith agus mar sin is féidir í a úsáid go solúbtha, ag barr na bunscoile ó thuaidh, mar shampla, san iar-bhunscoil ó dheas agus ó thuaidh, nó mar bhunábhar ag leibhéal GCE ó thuaidh. Is é is aidhm don tsraith ábhar suimiúil bunaithe ar bheathaisnéisí gairide a sholáthar le léitheoireacht neamhspleách a spreagadh. Níl an tsraith ceangailte le sonraíocht ná le measúnú ar leith, áfach. Is féidir leis an dalta, mar sin, na leabhráin a léamh ar mhaithe le spraoi nó le spéis amháin. Baineann na beathaisnéisí gairide seo le daoine cáiliúla ar fud an domhain ach tá béim ar leith ar ‘laochra’ na hÉireann a bhain nó a bhaineann le gnéithe éagsúla an tsaoil amhail an spórt, an stair nó cultúr coiteann comhaimseartha an lae inniu. Tá an t-ábhar éadrom agus soléite do dhaltaí agus tá go leor athrá i dtaca le comhréir agus foclaíocht ann.

Níl sa leabhar saothair seo ach deis cur leis an léitheoireacht sin agus níos mó a fhoghlaim faoin duine, machnamh a dhéanamh ar na téamaí a thagann aníos agus, lena chois sin, an teanga atá in úsáid a fhiosrú. Tá roinnt réamhthascanna sa leabhar saothair le cuidiú leis na daltaí teacht isteach ar an ábhar. Ba chóir na tascanna a dhéanamh faoi threoir an mhúinteora. Tá siad sin leagtha amach de réir fhotheidil an leabhráin. Ní gá gach tasc a dhéanamh. Beidh sé sin ag brath ar chumas agus ar spéis an dalta. Go príomha, cuideoidh an leabhar saothair seo go mór leis an teanga agus leis an fhoclóir atá sa leabhrán a dhaingniú.

### Admhálacha

Gach Íomhá © AFP/Getty Images

Ní ghlacann CCEA le freagracht ná le dlíteanas as ábhar ar bith atá á sholáthar nó atá ar fáil ar aon cheann de na suíomhanna gréasáin nasctha agus ní ceart glacadh leis go bhformhuiníonn sé na tuairimí a chuirtear in iúl iontu. Ní thig linn a dhearbhu go n-oibreoidh na naisc seo an t-am ar fad agus níl smacht againn ar chuntasacht na leathanach nasctha.

## Réamhthascanna

1. Sa chuid seo, déanfaidh tú do mhachnamh ar chúpla ceist agus déanfaidh tú taighde neamhspleách sula dtosóidh tú ar an leabhar a léamh.

**Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

- (a) Cad é a thugann clúdach an leabhair le fios duit faoin chineál duine é seo?

.....

.....

.....

.....

- (b) Ar chuala tú iomrá ar Barack Obama riamh?

.....

- (c) Cárb as dó?

.....

- (d) Luaigh eolas ar bith eile atá agat cheana féin ar Barack Obama:

.....

.....

.....

.....

2. Cuir ceisteanna sa bhaile nó ar do chairde nó déan cuardach ar an idirlíon le níos mó eolais a fháil ar na rudaí thíos.

(a) An fáth a bhfuil clú agus cáil ar Barack Obama:

.....

.....

.....

.....

(b) An obair atá le déanamh aige:

.....

.....

.....

.....

(c) An fáth a bhfuil sé speisialta:

.....

.....

.....

.....

(d) Na duaiseanna atá buaite aige:

.....

.....

.....

.....

## Barack Obama agus Cúlra

3. Léigh na codanna seo sa leabhrán. Nuair a bheidh sé sin déanta agat, roghnaigh cé acu **fíor** nó **bréagach** atá na ráitis thíos agus tabhair fianaise le do fhreagra. Féach an sampla thíos.

**Ráiteas:** Is duine iontach tábhachtach é Barack Obama sa pholaitíocht.

**Freagra:**  Fíor  Bréagach

**Fianaise sa leabhrán:**

*Is é Barack Obama an 44ú hUachtarán ar Stáit Aontaithe Mheiriceá.*

- (a) **Ráiteas:** Bhí an mhórchuid de dhaoine sásta gur toghadh é ina Uachtarán.

**Freagra:**  Fíor  Bréagach

**Fianaise sa leabhrán:**

.....

.....

- (b) **Ráiteas:** Ní raibh duine gorm ina uachtarán ar Mheiriceá roimh Obama.

**Freagra:**  Fíor  Bréagach

**Fianaise sa leabhrán:**

.....

.....

**Barack Obama**

- (c) **Ráiteas:** Nuair a rinneadh uachtarán de Obama, bhí daoine i bhfad níos dóchasaí ná mar a bhí siad roimhe sin.

**Freagra:**  *Fíor*  *Bréagach*

**Fianaise sa leabhrán:**

.....

.....

- (d) **Ráiteas:** Tháinig Barack Obama ar an saol i Meiriceá sna 1960í.

**Freagra:**  *Fíor*  *Bréagach*

**Fianaise sa leabhrán:**

.....

.....

- (e) **Ráiteas:** B'as Éirinn d'athair Barack Obama.

**Freagra:**  *Fíor*  *Bréagach*

**Fianaise sa leabhrán:**

.....

.....

(f) **Ráiteas:** Bhí tuismitheoirí Obama beo go fóill nuair a rinneadh Uachtarán de.

**Freagra:**  *Fíor*  *Bréagach*

**Fianaise sa leabhrán:**

.....

.....

(g) **Ráiteas:** Bhí Barack Obama ina chónaí i Meiriceá ar feadh a shaoil.

**Freagra:**  *Fíor*  *Bréagach*

**Fianaise sa leabhrán:**

.....

.....

(h) **Ráiteas:** Fuair Barack Obama oideachas maith nuair a bhí sé óg.

**Freagra:**  *Fíor*  *Bréagach*

**Fianaise sa leabhrán:**

.....

.....

## Suim sa pholaitíocht agus Saol sa pholaitíocht

4. Léigh an chuid seo sa leabhrán. Nuair a bheidh sé sin déanta agat, líon na bearnaí le focail chuí ón bhosca leis na habairtí thíos a scríobh ar dhóigh eile.

<b>dhóigh</b>	<b>bhuaigh</b>	<b>chuir sé in iúl</b>	
<b>ar thaobh</b>	<b>leatrom</b>	<b>theann</b>	<b>thug</b>
	<b>ríthábhachtach</b>	<b>bíodh</b>	

(a) **Sa Leabhrán:**

Cé gur fear gorm a bhí ina athair agus gur bean gheal a bhí ina mháthair, is cosúil nár chuir sin isteach ar Obama óg ar **bhealach** ar bith.

Dóigh eile lena rá:

..... gur fear gorm a bhí ina athair agus gur bean gheal a bhí

ina mháthair, is cosúil nár chuir sin isteach ar Obama óg ar .....  
ar bith.

(b) **Sa Leabhrán:**

Dúirt sé ina dhiaidh sin gur rud **iontach tábhachtach** é meas a bheith ag daoine ar a chéile agus gur cuma faoin dath atá ar chraiceann duine.

Dóigh eile lena rá:

Dúirt sé ina dhiaidh sin gur rud ..... tábhachtach é meas a bheith ag daoine ar a chéile agus gur cuma faoin dath atá ar chraiceann duine.

(c) **Sa Leabhrán:**

Ba léir gur duine é a bhí ag dul a bheith **ar son** na mbocht agus ar son daoine faoi **chois**.

Dóigh eile lena rá:

Ba léir gur duine é a bhí ag dul a bheith ..... na mbocht agus  
daoine faoi .....

(d) **Sa Leabhrán:**

**Ghlac** Obama céim mhór sa pholaitíocht nuair a toghadh mar Sheanadóir é in Chicago sa bhliain 1996.

Dóigh eile lena rá:

..... Obama céim mhór sa pholaitíocht nuair a toghadh mar  
Sheanadóir é in Chicago sa bhliain 1996.

(e) **Sa Leabhrán:**

I Mí Feabhra 2007 **d'fhógair sé** go raibh sé dul a rith sa toghchán don Uachtaránacht i 2008.

Dóigh eile lena rá:

I Mí Feabhra 2007 ..... go raibh sé dul a rith sa  
toghchán don Uachtaránacht i 2008.

(f) **Sa Leabhrán:**

Ba **ghéar** an rás a bhí ann ach **bhain** Obama sa deireadh nuair a fuair sé 53% de na vótaí sa toghchán.

Dóigh eile lena rá:

Ba ..... an rás a bhí ann ach .....  
Obama sa deireadh nuair a fuair sé 53% de na vótaí sa toghchán.

## I mbarr a réime

5. Léigh an chuid seo den leabhrán agus aimsigh fianaise ón téacs le tacú leis na ráitis thíos.

(a) Bronnadh go leor duaiseanna ar Barack Obama, go háirithe mar gheall ar shíocháin:

.....

.....

.....

(b) Shíl daoine gur chóir fanacht tamall eile sula mbronnfaí a leithéid de dhuais air:

.....

.....

.....

(c) Téann sé i bhfeidhm go mór ar dhaoine:

.....

.....

.....

(d) Bhí tuairimí éagsúla ann maidir leis an ionsaí ar Osama Bin Laden:

.....

.....

.....

(e) Is bean spreagúil í bean chéile Barack Obama:

.....

.....

.....

## Cuairt ar Éirinn

6. Léigh an chuid seo den leabhrán agus líon na bearnaí sna boscaí. Bain úsáid as na focail thíos.

.....  
sé muintir na tíre  
nuair a thug sé cuairt  
ar Éirinn i Mí na  
Bealtaine 2011.

Bhí sé ag iarraidh dul ar cuairt  
go ..... an áit  
ar rugadh a shinsir.

Chonaic an saol mór é sa  
teach  
..... áitiúil  
agus é ag ól pionta leanna.

tábhairne

spreag

hóráid

cuimhne

Muine Gall

is féidir linn

Chuaigh sé go Baile  
Átha Cliath le

.....  
a thabhairt.

Beidh .....  
mhaith ag Gaeilgeoirí air mar  
gur labhair sé i nGaeilge fosta  
agus é in Éirinn.

Chuala muid an mana cáiliúil  
sin i nGaeilge den chéad uair

‘.....’

## Tascanna Breise

7. (a) Cuir na heachtraí seo thíos in ord.

Toghadh é ina Uachtarán.	Fuair a thuismitheoirí colscaradh. 
Phós a thuismitheoirí.	Rugadh sa bhliain 1961 é.
Fuair a athair bás i dtaisme bhóthair.	Tháinig sé ar cuairt go hÉirinn.
Chuaigh sé ar Ollscoil in Los Angeles.	Chuaigh sé a chónaí in Jakarta.
Bhain sé duais Nobel na Síochána.	Fuair a mháthair bás.

**Barack Obama**

(b) Lión amach an cárta aitheantais thíos do Barack Obama.

Ainm: .....

Inscne: .....

Aois: .....

Dáta Breithe: .....

Náisiúntacht: .....

Cur síos fisiceach: .....

.....

.....



(c) Más mian leat an t-ábhar seo a fhiosrú a thuilleadh, bain triail as na suíomhanna seo a leanas:

[http://en.wikipedia.org/wiki/Barack\\_Obama](http://en.wikipedia.org/wiki/Barack_Obama)

<http://www.barackobama.com/>

<http://www.whitehouse.gov/administration/president-obama>

<http://www.biography.com/people/barack-obama-12782369>

(d) Cad é an sórt duine é Barack Obama, i do bharúil?

.....

.....

.....

.....

.....

(e) Ar mhaith leat féin a bheith chomh tábhachtach leis? Cad chuige?

.....

.....

.....

.....

.....

(f) Cad é an sórt duine í a bhean chéile, i do bharúil?

.....

.....

.....

.....

.....

**Barack Obama**

(g) Cad é an tionchar atá ag Obama ar an domhan, i do bharúil?

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

(h) Déan liosta aidiachtaí a chuireann síos ar Obama:

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

(i) Déan achoimre ar gach caibidil:

Caibidil	Luaigh rud suimiúil amháin	Focail nua a d'fhoghlaim mé
1		
2		
3		
4		
5		
6		

Beatha Le Bua  
Leabhar Saothair

**Barack Obama**

**Nótaí breise:**



Foilseachán de chuid CCEA © 2014



**COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT**

29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG

☎ +44 (0)28 9026 1200

☎ +44 (0)28 9026 1234

☎ +44 (0)28 9024 2063

✉ info@ccea.org.uk

🌐 www.ccea.org.uk